Ráiteas oscailte chuig Comhchoiste an Oireachtais ar an nGaeilge, An Ghaeltacht agus pobal labhartha na Gaeilge ar an ábhar 'Ag spreagadh foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge'.

Tá cuireadh tugtha don Chomhairle Ealaíon ráiteas a dhéanamh maidir leis an fhoilsitheoireacht agus an léitheoireacht sa Ghaeilge a spreagadh. Tá beartas agus straitéis shonrach don litríocht Ghaeilge dréachtaithe ag an gComhairle le gairid. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil ról na Comhairle Ealaíon sa bhfoilsitheoireacht Ghaeilge sonrach d'fhoirm ealaíne na litríochta, agus go bhfuil gníomhaireachtaí eile le spéis níos leithne i bhfoilsitheoireacht agus i léamh na Gaeilge a théann thar an obair litríochta féin. Laistigh den aguisín, tá liosta mionsonraithe den tacaíocht airgeadais a thugann an Chomhairle Ealaíon don litríocht Ghaeilge.

D'aontaigh an Chomhairle Ealaíon dréacht bheartas litríochta Gaeilge i bprionsabal ag a gCoiste Beartais & Straitéise i mBealtaine 2021. Cuirfear an dréacht deireadh i láthair na Comhairle tar éis staid dheireadh comhairleoireachta agus an glacadh le cur chuige foriomlán níos leithne don Ghaeilge. Táthar ag súil go dtarlóidh sé seo sa ráithe deireadh de 2022.

Go achomhair, beidh an polasaí spreagtha ag an bhféidearthacht de thír ina bhfuil litríocht Ghaeilge léite, a bhfuil taitneamh bainte as agus go bhfuil ceiliúradh déanta air, go bhfuil tacaíocht ar fáil do scríbhneoirí ag gach staid dá ngairm chun obair litríochta uaillmhianach agus d'ardchaighdeán a chruthú atá ina chuid lárnach dár saol litríochta agus cultúrtha. Aithnítear sa dréacht pholasaí go bhfuil an litríocht Ghaeilge ina pháirt lárnach agus shuntasach de thacaíocht fhoriomlán na Comhairle Ealaíon don litríocht mar fhoirm ealaíon. Creideann an Chomhairle Ealaíon gur cheart litríocht na Gaeilge a dhéanamh níos infheicthe, agus níos lárnaigh, inár saolta litríochta agus cultúrtha.

Cuirfear san áireamh, sa bheartas agus sna gníomhartha a bhaineann leis, na scríbhneoirí agus rannpháirtíocht an phobail chomh maith le réimsí eile a bhfuil spéis straitéiseach iontu do litríocht na Gaeilge lena n-áirítear daoine óga, leanaí agus oideachas. Cuirfear san áireamh freisin beartas Gaeilge na Comhairle Ealaíon atá á fhorbairt agus an straitéis spáis do na healaíona (Áit, Spás agus Daoine) a foilsíodh i Márta 2022.

Mar atá luaite, cuirfidh an phlean gníomhaíochta seo leis an obair leanúnach atá ar bun ag an Chomhairle Ealaíon. Mar shampla, mar chuid dá gcuid oibre chun tacú le scríbhneoirí Gaeilge ag gach staid dá ngairm, oibreoimid ar mhéadú a chur ar an líon cláir do scríbhneoirí cónaithe trí Ghaeilge a reáchtálann muid le hinstitiúidí tríú leibhéal. Tá socrú amháin díbh seo againn cheana le hOllscoil Cathair Bhaile Átha Cliath, agus is í Sadhbh Devlin an scríbhneoir cónaithe reatha. Le linn na straitéise, tabharfaimid isteach cláir mheantóireachta agus deiseanna nua do scríbhneoirí litríochta Gaeilge atá ag teacht chun cinn. Cuireann seo le clár meantóireachta Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, chomh maith leis an tsraith Réamhráite Éigse Éireann. Tacaíonn muid cheana féin le réimse leathan irisí agus foilsitheoirí a thugann ardán don litríocht Ghaeilge, agus oibreoimid chun é seo a dhéanamh níos infheicthe thar thréimhse an phlean.

Leanann ár gcuid oibre maidir le rannpháirtíocht an phobail ar aghaidh trínár dtacaíocht do 32 foilsitheoirí agus iliomad féilte ildisciplíneacha agus litríochta. Leanfaidh muid ag obair chun féilte a spreagadh le cláir níos samhlaíoch agus níos ionchuimsitheach a chur ar fáil, agus tabharfar isteach clár tacaíochta coiméadaíochta chun cabhrú le féilte agus le hionaid ealaíon a gcuid saineolais a fhorbairt sa réimse seo.

Ó 2009 i leith tá beartas sonrach ag an Chomhairle Ealaíon maidir le litríocht do leanaí, agus ceann de na príomhghníomhaíochtaí faoin mbeartas agus straitéis seo ná Laureate na nÓg, craobh-údar litríochta do leanaí na hÉireann, a thabhairt isteach. Is í Áine Ní Ghlinn an Laureate reatha. Anuraidh,

sheol sí an Bosca Leabharlainne, tionscnamh bronnta leabhair, a chuirfidh bosca leabhair Ghaeilge chuig 1,125 bunscoil ar fud na hÉireann. Is bunsaothair ficsean as Gaeilge iad na leabhair seo a roghnaigh Áine í féin. Bhí leabhair phictiúir, filíochta agus úrscéalta ina measc. Is údair agus maisitheoirí chomhaimseartha a chruthaigh na leabhair seo a foilsíodh in Éirinn, a raibh gradaim bainte amach ag a bhformhór, agus a roghnaíodh de bharr a n-ardchaighdeán. Le tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge, cuirfidh an Bosca Leabharlainne beagnach 30,000 leabhar Gaeilge ar fáil do bhunscoileanna ar fud na tíre, agus geallann seo a bheith ina thionscnamh ceannródaíoch chun daoine óga a spreagadh le litríocht Ghaeilge a léamh le haghaidh pléisiúir.

Aguisín 1

Na comhairlí go dtí seo maidir le Polasaí Litríocht na Gaeilge

Liosta de na daoine agus eagraíochtaí a thug freagra ar chuireadh chun bualadh le chéile nó a chuir freagra isteach ar dhréachtstraitéis agus beartas:

Liam Carson, IMRAM

Tristan Rosenstock, Comhar

Micheál Ó Conghaile, Cló IarChonnachta

Louis de Paor, Irish Studies Academic Director, UCG

Simon Ó Faoláin, Féile Bheag Filíochta

Dairena Ní Chinnéide

Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Univesity College Cork

Caoilfhionn NicPháidín, Cois Life

Tadhg Mac Dhonnagáin, Futa Fata

Éamonn Ó Dónaill, Gaelchultúr

Celia de Fréine

Micheál Ó hUanacháin

Sinéad MacAodha, Literature Ireland

Aontas na Scríbhneoirí

Books Ireland

Patrick Cotter, Munster Literature Centre, Cork International Poetry Festival

Maureen Kennelly, Poetry Ireland

Michael Cronin, Trinity College Dublin

Micheál Ó Fearuigh, Ealaín na Gaeltachta

Rachel Holstead, Ealaín na Gaeltachta

Foras na Gaeilge (meeting in Arts Council)

Documents consulted:

Creative Scotland Literature and Publishing Sector Review

Nordic Model for Supporting Artists (Merja Heikkinen)

Aguisín 2

Seo a leanas liosta de mhaoiniú na Comhairle Ealaíon d'eagraíochtaí Litríochta, agus cuireann go leor acu cláir nó seirbhísí ar fáil sa dá theanga. Tá sonraí maidir le maoiniú eile liostaithe ag an deireadh.

Applicant name	**Note**	**Deontas**
Banshee	Foilsitheoir & irisleabhar 2022	75,000.00
Bullaun Press	Foilsitheoir 2022	22,000.00
Crannog Magazine	Iris 2022	18,000.00
Cuirt Intl Festival of Literature	Féile Liteartha le gné láidir Gaeilge 2022	115,500.00
Curlew Editions Ltd	Iris 2022	39,800.00
Cyphers Magazine	Irisleabhar le hábhar Gaeilge 2022	13,000.00
Dalkey Book Festival	Féile Liteartha 2022	40,000.00
Dias Garcia, Paula	Iris 2022	20,000.00
Doire Press	Foilsitheoir 2022	70,000.00
Dublin Book Festival	Féile Liteartha le gné láidir Gaeilge 2022	80,000.00
Dublin Review of books	Iris ar líne 2022	25,000.00
Fallow Media	Iris ar líne 2022	13,800.00
Fighting Words	Acmhainn do dhaoine óga a bhfuil tiomantas láidir acu do scríbhneoireacht na Gaeilge 2022	50,000.00
Fish Publishing	Foilsitheoir 2022	15,000.00
Gaden Gilmartin, Cassia	Iris 2022	11,500.00
Gill, Dani	Clár imeachtaí 2022	16,500.00
Hearn, Catherine	Iris 2022	32,000.00
Holy Show	Iris 2022	19,000.00
IBBY Ireland	Eagraíocht acmhainne le gníomhaíocht áirithe i saol na Gaeilge 2022	6,000.00
International Literature Festival Dublin	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge 2022	95,000.00
Irish Pages	Irisleabhar le hábhar Gaeilge agus eagarthóir tiomnaithe 2022	28,000.00
Lilliput Press	Foilsitheoir 2022	105,000.00
Match In The Dark	Clár imeachtaí 2022	35,000.00
Museum Of Literature Ireland	Acmhainn agus ionad 2022	25,000.00
New Island Books DAC	Foilsitheoir 2022	97,000.00
Ó Bhéal	Clár imeachtaí 2022	7,500.00
Over the Edge	Clár imeachtaí 2022	9,500.00
Publishing Ireland	Eagraíocht acmhainne d'fhoilsitheoirí, le foilsitheoirí Gaeilge 2022 san áireamh	17,000.00
Skein Press	Foilsitheoir 2022	100,000.00
The Dublin Review	Iris 2022	75,000.00
The O'Brien Press	Foilsitheoir le tiomantas do litríocht na Gaeilge, go háirithe do léitheoirí óga 2022	65,000.00
Tramp Press	Foilsitheoir 2022	110,000.00
Wordwell Ltd	Iris ar líne 2022	33,000.00
Comhar Teoranta	Irisleabhar Gaeilge 2022	46,800.00
Dalen (Llyfrau) Cyf	Foilsitheoir Gaeilge 2022	33,000.00
Feasta	Irisleabhar Gaeilge 2022	13,000.00
Futa Fata	Foilsitheoir Gaeilge 2022	40,000.00
Leabhaircomhar	Foilsitheoir Gaeilge 2022	27,000.00
Alliance Francaise	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge 2022	6,000.00
Classics Now	Féile Liteartha 2022	7,000.00

Féile Bheag Filíochta	Féile Liteartha le hardleibhéal clár liteartha Gaeilge 2022	5,150.00
Kildare County Library	Féile Liteartha 2022	4,200.00
Kinsale Literary Festival	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge 2022	6,600.00
Cork World Book Festival	Féile Liteartha 2022	20,000.00
Limerick Literary Festival In Honour Of Kate O'Brien	Féile Liteartha 2022	14,000.00
Bray Literary Festival	Féile Liteartha 2022	8,560.00
Dingle Lit Clg	Féile Liteartha le béim ar litríocht na Gaeilge	20,000.00
Dromineer Literary Festival	Féile Liteartha 2022	15,000.00
Murder One Events Ltd	Féile Liteartha 2022	20,000.00
Poetry At The Mills	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge 2022	15,000.00
Write By The Sea	Féile Liteartha 2022	20,000.00
Ennis Book Club Festival	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge Féile Liteartha	35,000.00
Festival Of Writing & Ideas	Féile Liteartha 2022	28,500.00
Cló Iar-Chonnachta Teo	Foilsitheoir Gaeilge	95,000.00
Dedalus Press	Foilsitheoir filíochta le tiomantas don Ghaeilge	115,000.00
IMRAM	Féile litríochta na Gaeilge	149,000.00
Irish Writers' Centre	Eagraíocht náisiúnta acmhainne le tiomantas don Ghaeilge	235,000.00
Literature Ireland	Eagraíocht náisiúnta acmhainne le tiomantas don Ghaeilge	325,000.00
Little Island	Foilsitheoir liteartha le tiomantas don Ghaeilge agus don aistriúchán	120,000.00
Munster Literature Centre	Eagraíocht acmhainní réigiúnach le tiomantas don Ghaeilge	180,000.00
Poetry Ireland/Eigse Eireann	Eagraíocht náisiúnta acmhainne le tiomantas don Ghaeilge	450,000.00
Salmon Poetry	Foilsitheoir filíochta le tiomantas don Ghaeilge	110,000.00
The Gallery Press	Foilsitheoir filíochta le tiomantas don Ghaeilge	200,000.00
The Stinging Fly	Foilsitheoir agus irisleabhar le tiomantas láidir do litríocht na Gaeilge, eagarthóir tiomnaithe	168,000.00
Writers' Week	Féile Liteartha le roinnt imeachtaí agus cláir Ghaeilge	65,000.00
Iomlán go dtí seo 2022		4,080,910

- Níl aon tacaíocht tugtha fós do scríbhneoirí Gaeilge trí sparánachtaí. In 2021, bhronnamar 10 sparánacht ar scríbhneoirí a oibríonn go heisiach trí Ghaeilge, ar luach iomlán de €145k. Ina theannta sin, bhronn an Chomhairle sé Dhámhachtain Agility ar scríbhneoirí Gaeilge arbh fhiú €29,500 san iomlán iad. Déanfar é seo a mheaitseáil, nó a mhéadú, in 2022
- Infheistíonn an Chomhairle Ealaíon €150,000 in aghaidh na bliana ar Laureate na nÓg, atá á bhainistiú ar ár son ag Leabhair Pháistí Éireann.
- Infheistíonn an Chomhairle Ealaíon €20,000 ina clár scríbhneoir cónaithe Gaeilge le DCU, ar méadú é €10k ó 2021.
- Tá ardú as cuimse tagtha ar mhaoiniú don litríocht le blianta beaga anuas, agus tá an tacaíocht do litríocht na Gaeilge ag teacht suas leis seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, le

linntréimhsí d’infheistíocht phoiblí níos lú sna healaíona, gur choimeád an Chomhairle Ealaíon a tacaíocht do litríocht na Gaeilge.

- Ní chuireann an méid thuas san áireamh Aosdána, a thacaíonn le roinnt scríbhneoirí Gaeilge tríd an gcnuas.
- Ní chuireann an méid thuas san áireamh freisin an raon níos leithne de chláir a chuireann ionaid ealaíon agus oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil ar fáil, ar tacaí tábhachtacha iad araon do scríbhneoirí ag gach céim dá ngairmeacha beatha, agus mar bhealach tábhachtach do rannpháirtíocht an phobail sna healaíona.